Caibidil

Réamhrá

Sheol Bord Forbartha Contae an Chláir (CDB) a Straitéis Chomhtháite sa bhliain 2002, dar teideal 'Shaping the Future – Integrated Strategy for the economic, social and cultural development of County Clare 2002-2012'. Tá an BFC tar éis an Straitéis sin a athbhreithniú, dá dtagraítear mar "Straitéis Chomhtháite BFC" i bhfuílleach na cáipéise seo.

Bhí na heochair-luachanna cosúil leis an gCuimsitheacht, Nuálaíocht, Comhtháthú, Inbhuaine agus Comhionannas Spásúil mar bhonn taca faoi Straitéis Chomhtháite CDB. Glacadh leis na heochair-luachanna sin mar phrionsabail treoraithe don Athbhreithniú reatha, arbh é a chuspóir ná chun roinnt gníomhartha tosaíochta a aithint lena gcur i bhfeidhm sa mheántéarma (2006-2008). Rachaidh cur i bhfeidhm na ngníomhartha sin chun tairbhe na ndaoine a chónaíonn i gContae an Chláir, a oibríonn ann agus a thugann cuairt air. Cuireann siad na hathruithe ilíocha atá tar éis tarlú ag leibhéal an Chontae, go Náisiúnta agus san Eoraip, agus a chuaigh i bhfeidhm ar an gCreatlach shóisialta, an Struchtúr eacnamaíoch agus an Timpeallacht chultúrtha ina raibh bun-Straitéis Chomhtháite CDB suite.

Pléitear na dúshláin a ardaíonn na hathruithe sin agus na heochair-chuspóirí beartais trína dtabharfar aghaidh orthu i gCaibidil 2.

Aithníonn an t-athbhreithniú go bhféadfadh Bord Forbartha Contae an Chláir a bheith ní b'éifeachtaí lena thacaíocht agus a chomhordú um sheachadadh seirbhíse áitiúla níos comhghreamaithí trína dhíriú ar líon teoranta d'eochair-ghníomhartha. Leagtar amach iad sin i gCaibidil 3.

Is féidir rochtain a fháil ar na pleananna oibriúcháin éagsúla trína gcuirfear na gníomhartha sin i bhfeidhm ar an dlúthdhiosca faoi iamh agus/nó ar shuíomh gréasáin Bord Forbartha Contae an Chláir http://www.clarecdb.ie

Is comharthaí dóchais don todhchaí é gnóthachan Bord Forbartha Contae an Chláir go nuige seo. Tá na gníomhartha éagsúla a críochnaíodh i rith thréimhse tosaigh Straitéis Chomhtháite an BFC tar éis cur go mór le dreach athraitheach an Chontae féin. Cé go bhfuiltear i mbun roinnt gníomhartha faoi láthair, is amhlaidh dul chun cinn maith bheith déanta leo, agus an talamh a bheith réitithe acu d'iarracht dhlúth ar na gníomhartha tosaíochta a aithníodh san Athbhreithniú seo. Cuirfear i bhfeidhm na gníomhartha sin sa tréimhse 2006-2008. Is féidir rochtain ar na gníomhartha atá críochnaithe agus iad atá ag dul ar aghaidh faoi láthair sin ar an dlúthdhiosca faoi iamh agus/nó ar shuíomh gréasáin Bord Forbartha Contae an Chláir: www.clarecdb.ie